Cad is uimhir dhiúltach ann?

Is **uimhir dhiúltach** í uimhir atá níos lú ná a náid. Is **uimhir dheimhneach** í uimhir atá níos mó ná a náid. Níl a náid deimhneach ná diúltach.

Cá huair a bhaineann muid úsáid as uimhreacha diúltacha?

Baineann muid úsáid as uimhreacha diúltacha le cur síos ar an teocht.
Baineann bainc úsáid as uimhreacha diúltacha nuair atá cuntas rótharraingte.
Baineann muid úsáid as uimhreacha diúltacha le cur síos ar dhoimhneacht faoi bhun leibhéal na farraige.

Rewarding Learning

Uimhreacha diúltacha ar an uimhirlíne

Tá na huimhreacha ar an taobh chlé de 0 (a náid) diúltach.
Éiríonn na huimhreacha níos lú de réir mar a bhogann muid ar chlé.

Tá na huimhreacha ar an taobh dheas de 0 (a náid) deimhneach.
Éiríonn na huimhreacha níos mó de réir mar a bhogann muid ar dheis.



Bíonn comhartha lúide (-) roimh uimhreacha diúltacha i gcónaí, ach thig linn uimhreacha deimhneacha a scríobh le comhartha móide (+) nó gan é.

Leibhéal 5

Uimhreacha diúltacha a thuiscint agus a úsáid.

© CCEA 2024

Cad is uimhir dhiúltach ann?

Is **uimhir dhiúltach** í uimhir atá níos lú ná a náid. Is **uimhir dheimhneach** í uimhir atá níos mó ná a náid. Níl a náid deimhneach ná diúltach.

Cá huair a bhaineann muid úsáid as uimhreacha diúltacha?

Baineann muid úsáid as uimhreacha diúltacha le cur síos ar an teocht. Baineann bainc úsáid as uimhreacha diúltacha nuair atá cuntas rótharraingte. Baineann muid úsáid as uimhreacha diúltacha le cur síos ar dhoimhneacht faoi bhun leibhéal na farraige.

Rewarding Learning

Uimhreacha diúltacha agus an teocht

Bhí an teocht i Moscó -8°C ag 7.00 a.m. agus mhéadaigh sé 6°C faoi am lóin.

Cad é an teocht a bhí ann ag am lóin?

1. Aimsigh -8 ar an uimhirlíne.
2. Bog 6 chéim ar aghaidh.
3. Is é -2°C an teocht a bhí ann ag am lóin.



Is é 5°C an mheánteocht i mí Eanáir i mBaile Átha Cliath. Is é -4°C an mheánteocht in Osló i mí Eanáir.

Cad é an difríocht idir an mheánteocht sa dá chathair?

1. Faigh 5 agus -4 ar an uimhirlíne.
2. Cuntais na céimeanna ó 5 go 0 agus ansin ó 0 go -4 agus suimigh le chéile iad: 5 + 4 = 9.
3. Is é 9 °C an freagra. Sin an difríocht sa teocht.

Uimhreacha diúltacha agus leibhéal na farraige

Is é leibhéal na farraige an bonnleibhéal agus airde ar talamh nó doimhneacht faoin fharraige á tomhas:

- **Is é a náid an bonnleibhéal (leibhéal na farraige).**
- **Baineann muid úsáid as uimhir dheimhneach le cur síos ar airde os cionn leibhéal na farraige.**
- **Baineann muid úsáid as uimhir dhiúltach le cur síos ar dhoimhneacht faoi bhun leibhéal na farraige.**

Sampla
Is é Sliabh Everest an sliabh is airde ar domhan. Tá sé 8848 m os cionn leibhéal na farraige.
Is é an Trinse Máirianach an pointe is ísle ar dhromchla an domhain. Tá sé 10 994 m faoi bhun leibhéal na farraige.
Cad é an difríocht eatarthu?

Sliabh Everest: +8848 m
An Trinse Máirianach: -10 994 m
Difríocht san airde: 8848 + 10 994 = **19 842 m**
Sin beagnach 20 km.

Uimhreacha diúltacha agus cuntas bainc

Bhí £35 ag Áine ina cuntas bainc.
Chaith sí £60 ar chóta nua.

Cad é an t-iarmhéid atá ina cuntas bainc anois?
Chaith Áine £25 (£60 - £35) níos mó ná a bhí aici ina cuntas, mar sin de tá £25 ag an bhanc uirthi.
Is é -£25 an t-iarmhéid s'aici anois.

An lá dar gcionn, chuir Áine £100 isteach ina cuntas bainc.

Cad é an t-iarmhéid s'aici anois?
Bhí £25 ag an bhanc ar Áine, mar sin de, tá £75 aici ina cuntas anois (£100 - 25).
Is é £75 an t-iarmhéid s'aici anois.

Leibhéal 5

Uimhreacha diúltacha a thuiscint agus a úsáid i gcomhthéacs.

© CCEA 2024